Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10713 – RWE / NEWCO EEMSHAVEN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 446/09)

1. An 17 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— RWE AG ("RWE", an Ghearmáin),

— NewCo Eemshaven B.V. ("NewCo Eemshaven", an Ísiltír), atá faoi rialú Vattenfall N.V. (an Ísiltír) faoi láthair.

Gheobhaidh RWE rialú ar NewCo Eemshaven ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh é RWE a dhíríonn ar thrádáil fuinnimh agus ar leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ó ghnáthfhoinsí fuinnimh,

— Oibríonn NewCo Eemshaven gléasra cumhachta gasadhainte ina bhfuil trí ghástuirbín comh-thimthrialla agus gléasra grianchumhachta atá cóngarach dó in Eemshaven, an Ísiltír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10713 – RWE / NEWCO EEMSHAVEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").